



Uimhir 7 de 2014

AN tACHT FÍNEÁLACHA (ÍOC AGUS GNÓTHÚ), 2014

[An tiontú oifigiúil]

CLÁR AN ÁBHAIR

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal agus tosach feidhme
2. Léiriú
3. Orduithe agus rialacháin
4. Aisghairm

CUID 2

CUMAS FÍNEÁIL A ÍOC, FÍNEÁIL A ÍOC INA TRÁTHCHODANNA AGUS MAINNEACHTAIN FÍNEÁIL A ÍOC

5. Cumas duine fíneáil a íoc
6. Rogha ag duine ar ar cuireadh fíneáil í a íoc in aon íocaíocht amháin nó ina tráthchodanna
7. Mainneachtain fíneáil a íoc faoin dáta dlite

CUID 3

ORDUITHE GNÓTHAITHE

8. Glacadóir a cheapadh i gcás go mainnítear fíneáil a íoc
9. Forálacha d'fhorlíonadh alt 8
10. An Rialtas do cheadú daoine lena gceapadh faoi alt 8(1)
11. Mainneachtain fíneáil, etc, a ghnóthú trí ghlacadóir a úsáid
12. Ordú gnóthaithe a scor
13. Airgead arna ghnóthú ag glacadóir

CUID 4

ORDUITHE ASTAITHE

14. Ordú astaithe
15. Ordú astaithe a chomhlíonadh
16. Fógra faoi athrú ar fhostaíocht agus ar stádas fostaíochta

17. Ordú astaithe a scor
18. Airgead arna ghnóthú le hordú astaithe

CUID 5

ORDUITHE SEIRBHÍSE POBAIL AGUS PRÍÓSÚNACHT I GCÁS GO MAINNÍTEAR FÍNEÁIL A ÍOC

19. Ordú seirbhíse pobail i gcás go mainnítear fíneáil a íoc
20. Príosúnacht i gcás go mainnítear fíneáil a íoc

CUID 6

ÍLGHNÉITHEACH

21. Fógraí a sheirbheáil
22. Leasú ar Acht na gCúirteanna (Uimh. 2), 1991
23. Sonraí a roinnt agus a mhalartú
24. Airgead a chur chun feidhme i gcás nach n-íoctar ach cuid den fhíneáil

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

Achtanna na gCuideachtaí

An tAcht Oifigeach Cúirte, 1945 (Uimh. 25)

Acht na gCúirteanna (Uimh. 2), 1986 (Uimh. 26)

Acht na gCúirteanna (Uimh. 2), 1991 (Uimh. 21)

Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 2009 (Uimh. 36)

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Seirbhís Pobail), 1983 (Uimh. 23)

An tAcht um Cheartas Coiriúil, 2006 (Uimh. 26)

Criminal Justice Administration Act, 1914 (Geo 5, c.58)

An tAcht um Thráchtáil Leictreonach, 2000 (Uimh. 27)

An tAcht um Ghníomhaireacht Fostaíochta, 1971 (Uimh. 27)

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 (Uimh. 22)

An tAcht Fíneálacha, 2010 (Uimh. 8)

Petty Sessions (Ireland) Act, 1851 (15 Vict., c. 93)

An tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005 (Uimh. 26)



Uimhir 7 de 2014

An tAcht Fíneálacha (Íoc agus Gnóthú), 2014

[An tiontú oifigiúil]

Acht do dhéanamh socrú maidir le híoc agus gnóthú fíneálacha a fhorchuirtear ar dhaoine a chiontaítear i gcionta; do dhéanamh socrú go ndéanfaidh an chúirt a fhorchuirfidh aon fhíneáil den sórt sin ar dhuine den sórt sin imthosca airgeadais an duine a chur i gcuntas; do dhéanamh socrú maidir le horduithe seirbhíse pobail a dhéanamh i leith daoine den sórt sin, nó maidir le daoine den sórt sin a chimiú chun príosúin, in imthosca áirithe i gcás nach n-íoctar fíneálacha den sórt sin a fhorchuirtear orthu; do dhéanamh aisghairm nó leasú iarmhartach ar achtacháin eile; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

[16 Aibreán 2014]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Gearrtheideal agus tosach feidhme

- (1) Féadfar an tAcht Fíneálacha (Íoc agus Gnóthú), 2014 a ghairm den Acht seo.
- (2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó i leith aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

Léiriú

- (1) San Acht seo—

ciallaíonn “Acht 1983” an tAcht um Cheartas Coiriúil (Seirbhís Pobail), 1983;

ciallaíonn “Acht 1986” Acht na gCúirteanna (Uimh. 2), 1986;

ciallaíonn “táille riaracháin” an táille riaracháin dá dtagraítear in *alt 6(4)* agus a gceanglaítear ar dhuine ar ar cuireadh fíneáil a roghnaigh an fhíneáil a íoc ina tráthchodanna faoi *alt 6(1)(a)(ii)* í a íoc;

ciallaíonn “oifigeach cúirte cúí”—

- (a) i ndáil le fíneáil arna forchur ag an gCúirt Dúiche, an cléireach cúirte dúiche don cheantar cúirte dúiche inar forchuireadh an fhíneáil,
- (b) i ndáil le fíneáil arna forchur ag an gCúirt Chuarda, an cláraitheoir contae don chontae inar forchuireadh an fhíneáil nó, má bunaíodh oifig chúirte chomhcheangailte faoi Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 2009 i leith an chontae sin, bainisteoir na hoifige cúirte comhcheangailte sin,
- (c) i ndáil le fíneáil arna forchur ag an Ard-Chúirt, an príomhoifigeach atá ag fónamh sa Phríomh-Oifig a ghabhann leis an Ard-Chúirt agus a bhainistíonn an Phríomh-Oifig sin, agus
- (d) i ndáil le fíneáil arna forchur ag an bPríomh-Chúirt Choiriúil, cláraitheoir na Príomh-Chúirte Coiriúla;

ciallaíonn “ordú astaithe” ordú faoi *alt 14(1)*, lena n-áirítear ordú den sórt sin arna athrú faoi *alt 14(4)(a)*;

forléireofar “ordú seirbhíse pobail” de réir *alt 3(1A)* (arna chur isteach le *halt 19(1)(c)(i)*) d’Acht 1983;

ciallaíonn “conradh fostaíochta”—

- (a) conradh seirbhíse nó printíseachta, nó
- (b) aon chonradh eile trína gcomhaontaíonn pearsa aonair le duine eile, a bhfuil gnó gníomhaireachta fostaíochta de réir bhrí an Achta um Ghníomhaireacht Fostaíochta, 1971, á sheoladh aige nó aici agus atá ag gníomhú i gcúrsa an ghnó sin, aon obair nó seirbhís a dhéanamh nó a chomhlíonadh go pearsanta do thríú duine (cibé acu is páirtí sa chonradh an tríú duine nó nach ea);

ciallaíonn “dáta dlite le haghaidh íocaíochta”, i ndáil le fíneáil—

- (a) má roghnaigh an duine ar ar cuireadh fíneáil an fhíneáil iomlán a íoc faoi *alt 6(1)(a)(i)*, an dáta faoina gceanglaítear an fhíneáil a íoc de réir an ordaithe ón gcúirt a d’fhorchuir an fhíneáil, agus
- (b) má roghnaigh an duine ar ar cuireadh fíneáil an fhíneáil a íoc ina tráthchodanna faoi *alt 6(1)(a)(ii)*, i leith gach tráthchoda den sórt sin, an dáta faoina gceanglaítear an tráthchuid a íoc;

ciallaíonn “fostóir”, i ndáil le duine ar ar cuireadh fíneáil, duine a fhostaíonn an duine ar ar cuireadh fíneáil faoi chonradh fostaíochta, agus folaíonn sé iontaobhaí scéime pinsin faoina bhfaigheann an duine ar ar cuireadh fíneáil sochair phinsin thréimhsiúla;

tá le “achtachán” an bhrí a shanntar dó le *halt 3* den Acht Fíneálacha, 2010;

ciallaíonn “imthosca airgeadais”, i ndáil le duine a ciontaíodh i gcion—

- (a) méid ioncam bliantúil an duine,
- (b) luach comhiomlán na maoinne uile (réadach agus pearsanta) ar leis an duine í,

(c) méid comhiomlán dhliteanais uile an duine lena n-áirítear aon dualgas (morálta nó dlíthiúil) soláthar airgeadais a dhéanamh do dhaoine dá theaghlach nó dá theaghlach nó do dhaoine eile,

(d) comhiomlán an airgid uile atá ag dul don duine, na dátaí ar a ndlitear é a íoc agus a dhóchúla go n-íocfar é, agus

(e) cibé imthosca eile is cuí leis an gcúirt;

ciallaíonn “fíneáil” fíneáil arna forchur ag cúirt ar dhuine de dhroim an chúirt sin é nó í a chiontú i gcion, agus folaíonn sé aon chostais, cúiteamh nó caiteachais, i dteannta na fíneála, a ordóidh an chúirt don duine a íoc;

ciallaíonn “duine ar ar cuireadh fíneáil” duine ar ar fhorchuir cúirt fíneáil agus, i ndáil le hordú gnóthaithe nó ordú astaithe, ciallaíonn sé duine den sórt sin is ábhar don ordú;

ciallaíonn “Aire” an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais;

tá le “uimhir phearsanta seirbhíse poiblí” an bhrí a shanntar dó le halt 262 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005;

ciallaíonn “forordaithe” forordaithe le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire;

ciallaíonn “glacadóir” duine ceadaithe nó sirriam arna cheapadh nó arna ceapadh faoi *alt 8(1)(a)* agus, i ndáil le duine ar ar cuireadh fíneáil, an duine a bheidh ceaptha amhlaidh i leith an duine ar ar cuireadh fíneáil;

ciallaíonn “ordú gnóthaithe” ordú faoi *alt 8(1)(a)* agus, i ndáil le glacadóir, ciallaíonn sé ordú den sórt sin faoina gceaptar an glacadóir.

(2) Faoi réir *fho-alt (3)*, i gcás gur roghnaigh duine ar ar cuireadh fíneáil an fhíneáil a íoc ina tráthchodanna faoi *alt 6(1)(a)(ii)*, folóidh tagairtí san Acht seo d’íoc na fíneála tagairtí d’íoc na táille riaracháin gaolmhaire, agus déanfar na forálacha eile den Acht seo, fairis na modhnuithe go léir is gá, a fhorléiriú dá réir sin, ach amháin go ndéileálfar, chun críocha an Achta seo, leis an airgead go léir a úsáidtear i gcomhair aon íocaíocht den sórt sin mar airgead a úsáidtear i gcomhair íoc na fíneála agus, tar éis an fhíneáil a íoc go hiomlán, agus ansin amháin, mar airgead a úsáidtear i gcomhair íoc na táille riaracháin.

(3) Níl feidhm ag *fo-alt (2)* in aon chás go bhfuil breithniú á dhéanamh ag cúirt, faoi fhoráil den Acht seo, i leith duine ar ar cuireadh fíneáil i gcás go bhfuil iomlán nó cuid den fhíneáil gan íoc, i dtaobh ordú seirbhíse pobail a dhéanamh i leith an duine nó an duine a chimiú chun príosúin de réir *alt 2* nó *2A* d’Acht 1986.

(4) Chun críocha an Achta seo—

(a) measfar gurb é nó í an duine a íocann fostaí de chuid comhlacht poiblí, de réir bhrí an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, de réir chonradh fostaíochta an fhostaí leis an gcomhlacht poiblí sin, fostóir an fhostaí, agus

(b) measfar, maidir le haon duine is comhalta, ar shlí eile, d’fhoireann comhlachta phoiblí, de réir bhrí an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, go bhfostaítear é nó í faoi chonradh fostaíochta, agus measfar gurb é nó í an duine a íocann é nó

í de réir théarmaí agus choinníollacha a sheirbhíse nó a seirbhíse a fhostóir nó a fostóir.

Orduithe agus rialacháin

3. (1) Féadfaidh an tAire le rialacháin—

- (a) foráil a dhéanamh maidir le haon ní dá dtagraítear san Acht seo mar ní atá forordaithe nó le forordú,
- (b) na foirmeacha a fhorordú a bheidh le húsáid chun rogha a fheidhmiú fíneáil a íoc ina tráthchodanna faoi *alt 6(1)(a)(ii)*.
- (2) Gan dochar d'aon fhoráil den Acht seo, féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha agus iarmhartacha a bheith i rialacháin faoin alt seo is dóigh leis an Aire a bheith riachtanach nó fóirsteanach chun críocha na rialachán.
- (3) Déanfar gach ordú (seachas ordú faoi *alt 1(2)*) agus gach rialachán a dhéanfaidh an tAire faoin Acht seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an t-ordú nó an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe nó an rialacháin, beidh an t-ordú nó an rialachán ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú nó faoin rialachán sin.

Aisghairm

4. Aisghairtear na hachtacháin seo a leanas:

- (a) alt 43(2) den *Criminal Justice Administration Act*, 1914;
- (b) alt 195 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006; agus
- (c) Cuid 3 den Acht Fíneálacha, 2010.

CUID 2

CUMAS FÍNEÁIL A ÍOC, FÍNEÁIL A ÍOC INA TRÁTHCHODANNA AGUS MAINNEACHTAIN FÍNEÁIL A ÍOC

Cumas duine fíneáil a íoc

- 5. (1) Is é is críoch an ailt seo a chinntiú, a mhéid is indéanta, i gcás cúirt d'fhorchur fíneáil ar dhuine, nach ndéantar éifeacht na fíneála ar an duine sin nó ar a chleithiúnaithe nó a cleithiúnaithe a laghdú nó a dhéanamh níos géire ar mhodh suntasach, mar gheall ar a imthosca airgeadais nó a himthosca airgeadais.
- (2) I gcás go gciontaítear duine lánaoise i gcion, déanfaidh an chúirt, le linn méid na fíneála (más ann) a bheidh le forchur i leith an chiona a chinneadh, imthosca airgeadais an duine a chur i gcuntas.
- (3) (a) Chun críche an ailt seo, féadfaidh cúirt, le linn cinneadh a dhéanamh faoi *fho-alt (2)*, fíneáil a fhorchur ar dhuine atá níos mó nó níos lú ná an fhíneáil, nó atá comhionann leis an bhfíneáil, a bheadh ar intinn ag an gcúirt a fhorchur ar

an duine i leith an chiona lena mbaineann dá mba rud é nach raibh sé de cheangal uirthi imthosca airgeadais an duine a chur i gcuntas.

(b) In aon chás, ní fhorchuirfidh cúirt fíneáil—

(i) atá níos mó ná an fhíneáil uasta (más ann), ná

(ii) atá níos lú ná an fhíneáil íosta (más ann),

a dhlífi a chur ar dhuine ar é nó í a chiontú sa chion lena mbaineann.

(4) Más rud é—

(a) go ndearna cúirt duine a chiontú i gcion agus é nó í as láthair, nó

(b) go mainníonn nó go ndiúltaíonn duine a ciontaíodh i gcion faisnéis a sholáthar don chúirt maidir lena imthosca airgeadais nó lena himthosca airgeadais,

forchuirfidh an chúirt cibé fíneáil is cuí léi i leith an chiona agus cibé faisnéis (más ann) is eol don chúirt maidir leis na himthosca sin á cur i gcuntas aici.

(5) Chun críocha *fho-alt (2)*, féadfaidh an chúirt, trí fhógra i scríbhinn arna sheirbheáil ar dhuine a bheidh ciontaithe i gcion, a cheangal ar an duine freastal os comhair na cúirte agus cibé faisnéis a sholáthar don chúirt a éileoidh an chúirt i ndáil lena imthosca airgeadais nó lena himthosca airgeadais.

(6) Aon duine a dhéanfaidh, go feasach nó go meargánta, ráiteas (ó bhéal nó i scríbhinn) i ndáil lena imthosca airgeadais nó lena himthosca airgeadais, nó le himthosca airgeadais duine eile, atá bréagach nó míthreorach in aon phonc ábhartha a thabhairt do chúirt atá ag comhlíonadh a feidhme faoi *fho-alt (2)*, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'Aicme B nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(7) Aon duine a mhainníonn nó a dhiúltaíonn fógra faoi *fho-alt (5)* a bheidh seirbheáilte air nó uirthi a chomhlíonadh, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme B nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(8) Níl feidhm ag an alt seo i ndáil le fíneáil a fhorchur i gcás nach bhfuil rogha ag an gcúirt méid na fíneála a chinneadh.

Rogha ag duine ar ar cuireadh fíneáil í a íoc in aon íocaíocht amháin nó ina tráthchodanna

6. (1) Faoi réir *fho-alt (5)*, féadfaidh duine ar ar cuireadh fíneáil, dá rogha féin, an fhíneáil a íoc—

(a) (i) in aon íocaíocht amháin arna déanamh ar an dáta iomchuí le haghaidh íocaíochta nó roimhe, nó

(ii) ina tráthchodanna—

(I) arna ríomh ar cibé modh a fhorordófar, agus

(II) a mhinice a fhorordófar,

- (b) ar cibé modh a fhorordófar chun an íocaíocht sin a dhéanamh, agus
- (c) tríd an íocaíocht sin a dhéanamh le cibé duine a fhorordófar.
- (2) I gcás go bhfeidhmíonn duine ar ar cuireadh fíneáil a rogha an fhíneáil a íoc ina tráthchodanna faoi *fho-alt (1)(a)(ii)*, íocfaidh an duine an chéad tráthchuid den fhíneáil ar an dáta iomchuí le haghaidh íocaíochta nó roimhe agus íocfaidh sé nó sí an tráthchuid dheireanach den fhíneáil tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis an dáta iomchuí le haghaidh íocaíochta.
- (3) Déanfaidh cúirt, le linn fíneáil a fhorchur ar dhuine, an 2 rogha atá ar fáil don duine ar ar cuireadh fíneáil faoi *fho-alt (1)(a)* a chur in iúl don duine.
- (4) I gcás go bhfeidhmíonn duine ar ar cuireadh fíneáil a rogha an fhíneáil a íoc ina tráthchodanna faoi *fho-alt (1)(a)(ii)*, ceanglaítear air nó uirthi freisin cibé táille riaracháin, nach mó ná 10 faoin gcéad de luach na fíneála, a fhorordófar, a íoc.
- (5) (a) Ní bheidh feidhm ag an rogha fíneáil a íoc ina tráthchodanna faoi *fho-alt (1)(a)(ii)* ach amháin—
- (i) i leith fíneáil ar mó í ná cibé méid is mó ná €100 a bheidh forordaithe, nó
- (ii) i gcás nach mbeidh aon mhéid den sórt sin arna fhorordú, i leith fíneáil ar mó í ná €100.
- (b) I gcás go bhforchuirtear 2 fhíneáil nó níos mó ar dhuine ag suí cúirte agus nach bhfuil an rogha ann aon fhíneáil amháin nó níos mó de na fíneálacha sin a íoc ina tráthchodanna nó ina dtráthchodanna mar gheall ar oibriú *mhír (a)*, féadfaidh an chúirt, san ordú uaithi ina sonrú an dáta faoina gceanglaítear fíneáil den sórt sin a íoc nach bhfuil rogha den sórt sin ar fáil ina leith, dáta a shonrú, más cuí léi é sna himthosca go léir, ar dáta é is déanaí ná an dáta a shonródh sí dá mba rud é go raibh an rogha sin ar fáil i leith na fíneála sin ach nár ghlac an duine ar ar cuireadh fíneáil í.
- (6) San alt seo, ciallaíonn “dáta iomchuí le haghaidh íocaíochta”, i ndáil le fíneáil—
- (a) má roghnaigh an duine ar ar cuireadh fíneáil an fhíneáil iomlán a íoc faoi *fho-alt (1)(a)(i)*, an dáta faoina gceanglaítear an fhíneáil a íoc de réir an ordaithe ón gcúirt a d’fhorchuir an fhíneáil, agus
- (b) má roghnaigh an duine ar ar cuireadh fíneáil an fhíneáil a íoc ina tráthchodanna faoi *fho-alt (1)(a)(ii)*, 42 lá ón dáta a forchuireadh an fhíneáil.

Mainneachtain fíneáil a íoc faoin dáta dlite

7. (1) Faoi réir *fho-alt (3)* agus (5), i gcás go mainníonn duine ar ar cuireadh fíneáil an fhíneáil a íoc faoin dáta dlite le haghaidh íocaíochta, déanfaidh an chúirt, ag an suí den chúirt an dáta a bheidh sonraithe san fhógra lena mbaineann faoi *fho-alt (4)* arna sheirbheáil ar an duine (mura mbeidh an fhíneáil íoctha ag an duine ar an dáta sin nó roimhe)—
- (a) faoi réir *fho-alt (2)*, ordú gnóthaithe,
- (b) ordú astaithe, nó
- (c) ordú seirbhíse pobail, má comhlíonadh alt 4 d’Acht 1983.

- (2) Ní dhéanfaidh an chúirt ordú gnóthaithe i leith an duine ar ar cuireadh fíneáil (nach comhlacht corpraithe) mura rud é maidir leis an bhfíneáil nó, de réir mar is cuí, maidir leis an gcuid sin den fhíneáil atá fágtha gan íoc—
- (a) gur mó í ná cibé méid is mó ná €500 a bheidh forordaithe, nó
- (b) i gcás nach mbeidh aon mhéid den sórt sin arna fhorordú, gur mó í ná €500.
- (3) I gcás go mainníonn duine ar ar cuireadh fíneáil agus a d’fheidhmigh a rogha faoi *alt 6(1)(a)(ii)* an fhíneáil a íoc ina tráthchodanna aon tráthchuid den sórt sin a íoc (dá ngairtear “an tráthchuid iomchuí” san fho-alt seo) faoin dáta dlite le haghaidh íocaíochta, ní gá don chúirt gníomh a dhéanamh faoin alt seo i leith na mainneachtana ach amháin más rud é—
- (a) go ndearna an duine ar ar cuireadh fíneáil mainneachtain 2 uair eile an fhíneáil sin a íoc ina tráthchodanna faoin dáta dlite le haghaidh íocaíochta, nó
- (b) go mbeidh an tráthchuid iomchuí gan íoc fós nuair a bheidh na tráthchodanna eile go léir íoctha.
- (4) Déanfaidh an t-oifigeach cúirte cuí lena mbaineann, trí fhógra i scríbhinn arna sheirbheáil ar an duine ar ar cuireadh fíneáil, a cheangal ar an duine láithriú os comhair na cúirte an dáta agus an tráth a bheidh sonraithe san fhógra, agus ráiteas i scríbhinn faoina imthosca airgeadais nó faoina himthosca airgeadais a sholáthar don chúirt.
- (5) (a) Déanfaidh an chúirt, tar éis breithniú a dhéanamh ar ráiteas arna sholáthar di de bhun *fho-alt (4)*, le linn breith a thabhairt i dtaobh cén t-ordú a dhéanfaidh sí faoi *fho-alt (1)*—
- (i) ar an gcéad ásc, breithniú i dtaobh ordú astaithe a dhéanamh i leith an duine ar ar cuireadh fíneáil, agus
- (ii) ar an dara hásc, más deimhin léi nach mbeadh sé cuí go ndéanfaidh sí ordú astaithe i leith an duine ar ar cuireadh fíneáil, breithniú, faoi réir *fho-alt (2)*, i dtaobh ordú gnóthaithe nó ordú seirbhíse pobail a dhéanamh i leith an duine ar ar cuireadh fíneáil.
- (b) I gcás gur deimhin leis an gcúirt nach mbeadh sé cuí go ndéanfaidh sí ordú astaithe, ordú gnóthaithe nó ordú seirbhíse pobail i leith an duine ar ar cuireadh fíneáil, féadfaidh sí an duine a chimiú chun príosúin de réir alt 2 nó 2A d’Acht 1986.
- (6) Maidir le fógra faoi *fho-alt (4)*—
- (a) cuirfear in iúl ann don duine ar ar cuireadh fíneáil cad iad na horduithe a fhéadfaidh an chúirt a dhéanamh faoi *fho-alt (1)* i leith an duine ar ar cuireadh fíneáil agus go bhfuil cumhacht ag an gcúirt faoi *fho-alt (5)* chun an duine a chimiú chun príosúin, agus
- (b) luafar ann gur féidir barántas a eisiúint chun an duine ar ar cuireadh fíneáil a ghabháil má mhainníonn sé nó sí láithriú os comhair na cúirte mar a cheanglaítear leis an bhfógra.

- (7) I gcás go mainníonn duine ar ar cuireadh fíneáil, gan leithscéal réasúnach, láithriú os comhair na cúirte mar a cheanglaítear le fógra faoi *fho-alt (4)*, déanfaidh an chúirt, más deimhin léi gur seirbheáladh an fógra ar an duine—
- (a) barántas a eisiúint chun an duine a ghabháil, nó
- (b) más cuí leis an gcúirt sna himthosca go léir, a chur faoi deara fógra eile faoi *fho-alt (4)* a sheirbheáil ar an duine ina sonrúfar dáta nua le haghaidh an duine do láithriú os comhair na cúirte agus an ráiteas dá dtagraítear san *fho-alt* sin a sholáthar di.
- (8) Déanfar duine ar ar cuireadh fíneáil agus a gabhadh faoi *fho-alt (7)(a)* a thabhairt os comhair an chéad suí eile den chúirt.
- (9) Aon duine ar ar cuireadh fíneáil a dhéanann ráiteas go feasach nó go meargánta, i gcomhlíonadh airbheartaithe ar fhógra faoi *fho-alt (4)*, atá bréagach nó míthreorach in aon phonc ábhartha, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme B nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.
- (10) Déanfar foirm ráitis dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)* a fhorordú le rialacha cúirte.

CUID 3

ORDUITHE GNÓTHAITHE

Glacadóir a cheapadh i gcás go mainnítear fíneáil a íoc

8. (1) (a) Faoi réir *alt 7(2)*, i gcás go mainníonn duine ar ar cuireadh fíneáil an fhíneáil a íoc faoin dáta dlí le haghaidh íocaíochta, féadfaidh an chúirt, ag an suí den chúirt an dáta a bheidh sonraithe san fhógra lena mbaineann faoi *alt 7(4)* arna sheirbheáil ar an duine, ordú a dhéanamh lena gceapfar duine ceadaithe nó sirriam chun na feidhmeanna a leagtar amach i *mír (b)* a chomhall.
- (b) Déanfaidh an glacadóir—
- (i) na nithe seo a leanas a ghnóthú ón duine ar ar cuireadh fíneáil—
- (I) an fhíneáil nó, de réir mar is cuí, an chuid sin den fhíneáil atá, ar an bhfógra faoi *fho-alt (2)* a thabhairt don ghlacadóir, fágtha gan íoc, agus
- (II) táillí agus caiteachais an ghlacadóra.
- nó
- (ii) maoin de chuid an duine ar ar cuireadh fíneáil a urghabháil agus a dhíol agus suim a ghnóthú as fáltais díola na maoin sin, is suim a bheidh combhionann le méid na nithe seo a leanas—
- (I) an fhíneáil nó, de réir mar is cuí, an chuid sin den fhíneáil atá, ar an bhfógra faoi *fho-alt (2)* a thabhairt don ghlacadóir, fágtha gan íoc, agus
- (II) táillí agus caiteachais an ghlacadóra,

- (2) (a) Tabharfaidh an tSeirbhís Chúirteanna fógra don ghlacadóir i dtaobh an t-ordú gnóthaithe a dhéanamh trí chóip den ordú a thabhairt don ghlacadóir.
- (b) Beidh éifeacht leis an ordú gnóthaithe ón lá díreach tar éis an lae ar a dtugtar an fógra faoi *mhír* (a).
- (3) Údarófar leis an ordú gnóthaithe don ghlacadóir (ina aonar nó ina haonar nó in éineacht le cibé comhaltaí agus cibé líon comhaltaí den Gharda Síochána is dóigh leis nó léi is gá)—
- (a) dul isteach (trí fhorneart réasúnach a úsáid, más gá) in aon áitreabh, lena n-áirítear teaghais, a bhfuil forais réasúnacha aige nó aici chun a chreidiúint go bhfuil maoin de chuid an duine ar ar cuireadh fíneáil ann,
- (b) aon mhaoin leis an duine ar ar cuireadh fíneáil a éileamh agus seilbh a ghlacadh uirthi (trí fhorneart réasúnach a úsáid, más gá),
- (c) admhálacha a eisiúint i leith aon mhaoin a bhfuil seilbh glactha ag an nglacadóir uirthi,
- (d) an mhaoin a bhainistiú, a dhiúscairt nó a choimeád nó plé léi ar shlí eile,
- (e) an mhaoin a árachú, agus
- (f) iniúchadh a dhéanamh, gach tráth réasúnach, ar aon leabhair, doiciméid nó taifid eile ina bhfuil faisnéis a bhaineann le maoin de chuid an duine ar ar cuireadh fíneáil.
- (4) Comhlíonfaidh an glacadóir a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoi réir aon ordacháin nó coinníollacha a shonraítear san ordú gnóthaithe, lena n-áirítear aon ordacháin nó coinníollacha a bhaineann leis an nglacadóir d'íoc méideanna arna bhfáil aige nó aici de bhun an ordaithe isteach sa chúirt.
- (5) Féadfaidh an glacadóir cibé feidhmeanna dá chuid nó dá cuid faoi *fho-alt* (3) is cuí leis nó léi a tharmligean chun a chuid, nó chun a cuid, fostaithe, seirbhíseach nó báillí.
- (6) Féadfaidh an glacadóir, aon tráth tar éis an fógra a thabhairt dó nó di faoi *fho-alt* (2), iarratas a dhéanamh chun na cúirte a rinne an t-ordú gnóthaithe ar ordacháin i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo.
- (7) Aon duine a bhfuil maoin de chuid an duine ar ar cuireadh fíneáil ina sheilbh nó ina seilbh, seachadfaidh sé nó sí an mhaoin sin ar an nglacadóir, ar an nglacadóir do dhéanamh éileamh chuige sin air nó uirthi.
- (8) (a) I gcás go ndíolann an glacadóir maoin de chuid an duine ar ar cuireadh fíneáil agus gur mó fáltais an díola ná méid na fíneála nó méid na fíneála atá fágtha gan íoc, de réir mar a bheidh, íocfaidh an glacadóir leis an duine sin an oiread sin de na fáltais sin is mó ná an méid sin.
- (b) San *fho-alt* seo, folaíonn “fíneáil” táillí agus caiteachais an ghlacadóra.
- (9) Aon duine—
- (a) a mhainníonn *fo-alt* (7) a chomhlíonadh,

- (b) a chuireann cosc nó bac ar an nglacadóir agus é nó í ag comhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna, nó a chuireann treampán ar shlí eile ar chomhlíonadh na bhfeidhmeanna sin ag an nglacadóir, nó
- (c) a chuireann cosc nó bac ar dhuine a ndearna an glacadóir aon cheann dá fheidhmeanna nó dá feidhmeanna faoi *fho-alt (5)* a tharmligean chuige agus an duine sin ag comhlíonadh aon fheidhmeanna den sórt sin arna dtarmligean amhlaidh, nó a chuireann treampán ar shlí eile ar chomhlíonadh na bhfeidhmeanna sin ag an duine sin,

beidh sé nó sí ciontach i gcion, agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A, nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(10) (a) Féadfaidh an tAire, le hordú, na nithe seo a leanas a shonrú—

(i) na táillí a fhéadfaidh glacadóir a asbhaint as aon suim nó suimeanna a ghnóthóidh sé nó sí, nó a gheofar as na fáltais ó dhíol aon mhaoine aige nó aici, de réir an ailt seo, nó

(ii) na rátaí ar dá réir a ríomhfar táillí a fhéadfar a asbhaint amhlaidh.

(b) Ní dhéanfaidh an tAire ordú faoin bhfo-alt seo gan toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

(11) Déanfaidh agus cothabhálfaidh an glacadóir taifead i scríbhinn—

(a) ar na táillí a d'asbhain sé nó sí, agus

(b) ar na caiteachais a thabhaigh agus a d'asbhain sé nó sí,

as an tsuim nó as na suimeanna a ghnóthaigh sé nó sí, nó as fáltais díola aon mhaoine a dhíol sé nó sí de bhun an ordaithe gnóthaithe.

(12) Déanfaidh an glacadóir, tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dó nó di a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh de bhun an ordaithe gnóthaithe, an taifead a cheanglaítear a dhéanamh agus a chothabháil faoi *fho-alt (11)*, agus a bhaineann leis an ordú gnóthaithe sin, a thabhairt don tSeirbhís Chúirteanna.

(13) I gcás go ndéanann an glacadóir iontráil, nó i gcás go gcuireann sé nó sí faoi deara go ndéanfar iontráil, i dtaifead a cheanglaítear a dhéanamh agus a chothabháil faoi *fho-alt (11)*, ar iontráil í—

(a) atá bréagach nó míthreorach in aon phonc ábhartha, agus

(b) arb eol dó nó di í a bheith bréagach nó míthreorach,

beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(14) Aon ghlacadóir atá ciontach i gcion faoi *fho-alt (13)*, dlífear—

(a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €50,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(15) Is i cibé foirm a chinnfidh an tSeirbhís Chúirteanna a bheidh taifead a cheanglaítear a dhéanamh agus a chothabháil faoi *fho-alt (11)*.

(16) San alt seo—

ciallaíonn “duine ceadaithe” duine atá ceadaithe faoi *alt 10* lena cheapadh nó lena ceapadh faoi *fho-alt (1)*;

ciallaíonn “caiteachais”, i ndáil le glacadóir, na caiteachais arna dtabhú go réasúnach ag an nglacadóir i gcomhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna;

ciallaíonn “táillí”, i ndáil le glacadóir, na táillí de chuid an ghlacadóra a fhéadfar a asbhaint de réir aon ordú faoi *fho-alt (10)*;

ciallaíonn “maoin” talamh nó maoin phearsanta;

ciallaíonn “sirriam” sirriam arna cheapadh nó arna ceapadh ag an Rialtas faoin Acht Oifigeach Cúirte, 1945.

Forálacha d’fhorlíonadh *alt 8*

9. (1) Chun críocha an ailt seo—

tá le “leictreonach” an bhrí a shanntar dó leis an Acht um Thráchtáil Leictreonach, 2000 agus forléireofar “fógra leictreonach” dá réir;

folaíonn “eisishe i bhformáid neamhpháipéir” a bheith eisishe trí mhacasamhail;

ciallaíonn “fógra” an chóip den ordú gnóthaithe arna thabhairt don ghlacadóir faoi *alt 8(2)(a)*.

(2) Maidir le fógra—

(a) féadfar é a thabhairt i bhformáid leictreonach nó i bhformáid eile, agus

(b) i gcás go dtugtar an fógra i bhformáid neamhpháipéir, féadfaidh an glacadóir nó duine atá údaraithe ag an nglacadóir chun déanamh amhlaidh (dá ngairtear “duine údaraithe” san alt seo) é a atáirgeadh i bhformáid páipéir.

(3) Maidir le fógra arna thabhairt i bhformáid neamhpháipéir de réir *fho-alt (2)*—

(a) is fógra bailí é chun críocha *alt 8(2)*,

(b) measfar go ndearna an chúirt é, agus

(c) measfar go ndearnadh é a thabhairt an dáta a tugadh an fógra don ghlacadóir.

(4) (a) I gcás go n-atáirgtear fógra i bhformáid pháipéir de réir *fho-alt (2)(b)* agus—

(i) i gcás go bhfuil nóta san áireamh san atáirgeadh, nó go bhfuil nóta ag gabháil leis an atáirgeadh, ar nóta é á rá gur cóip den fhógra é, agus

(ii) i gcás go bhfuil síniú an ghlacadóra nó duine údaraithe agus dáta an tsínithe sin san áireamh sa nóta,

ansin, chun gach críoch, beidh éifeacht leis an gcóip den fhógra, mar aon leis an nóta arna shíniú agus arna dhátú amhlaidh, amhail is dá mba é an fógra féin é.

(b) Aon síniú nó dáta atá i nóta ar chóip d'fhógra, nó a chuirtear ag gabháil le fógra, arna thabhairt i bhformáid neamhpháipéir, agus arna atáirgeadh i bhformáid pháipéir de réir *fho-alt (2)(b)*—

(i) ar nóta é a airbheartaíonn, maidir leis an síniú sin, gurb é síniú an ghlacadóra é nó gur síniú duine údaraithe é, measfar, mura gcruthófar a mhalairt, gurb é síniú an ghlacadóra é nó gur síniú duine ba dhuine údaraithe é an tráth ábhartha, agus

(ii) ar nóta é maidir leis an dáta sin, measfar, mura gcruthófar a mhalairt, é a bheith dátaithe go cúí.

An Rialtas do cheadú daoine lena gceapadh faoi *alt 8(1)*

10. (1) Féadfaidh an Rialtas, ar ainmniúcháin a fháil ón Aire, daoine a cheadú lena gceapadh faoi *alt 8(1)*.

(2) Ní dhéanfaidh an tAire ainmniúcháin faoin alt seo gan toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

(3) Féadfaidh an Rialtas cibé coinníollacha is cúí leis a chur ag gabháil le ceadú faoin alt seo.

Mainneachtain fíneáil, etc, a ghnóthú trí ghlacadóir a úsáid

11. (1) I gcás go gcinneann an glacadóir nach raibh sé nó sí ábalta na nithe seo a leanas a ghnóthú—

(a) an fhíneáil,

(b) má d'fheidhmigh an duine ar ar cuireadh fíneáil a rogha an fhíneáil a íoc ina tráthchodanna faoi *alt 6(1)(a)(ii)*, iarmhéid na fíneála neamhíoctha, nó

(c) suim nó suimeanna as maoin de chuid an duine ar ar cuireadh fíneáil a dhíol, is suim nó suimeanna is leor chun an fhíneáil nó iarmhéid na fíneála neamhíoctha, de réir mar a bheidh, a íoc,

tabharfaidh sé nó sí fógra i scríbhinn don chúirt a d'fhorchuir an fhíneáil faoin neamhábaltacht sin agus faoi ainm an duine ar ar cuireadh fíneáil.

(2) I gcás go dtugtar fógra don chúirt faoi *fho-alt (1)*, déanfaidh an t-oifigeach cúirte cúí lena mbaineann, trí fhógra i scríbhinn arna sheirbheáil ar an duine ar ar cuireadh fíneáil, a cheangal ar an duine láithriú os comhair na cúirte an dáta agus an tráth a bheidh sonraithe san fhógra.

(3) Maidir le fógra faoi *fho-alt (2)*—

- (a) luafar ann go bhféadfaidh an chúirt ordú seirbhíse pobail a dhéanamh i leith an duine ar ar cuireadh fíneáil agus luafar ann freisin na coinníollacha maidir le hordú den sórt sin a dhéanamh faoi alt 4 d'Acht 1983,
 - (b) luafar ann go bhféadfaidh an chúirt an duine ar ar cuireadh fíneáil a chimiú chun príosúin de réir alt 2 nó 2A d'Acht 1986, agus
 - (c) luafar ann go bhféadfar an duine ar ar cuireadh fíneáil a ghabháil má mhainníonn sé nó sí láithriú os comhair na cúirte mar a cheanglaítear leis an bhfógra.
- (4) I gcás go mainníonn duine ar ar cuireadh fíneáil, gan leithscéal réasúnach, láithriú os comhair na cúirte mar a cheanglaítear le fógra arna eisiúint faoi *fho-alt (2)*, déanfaidh an chúirt, más deimhin léi gur seirbheáladh an fógra ar an duine—
- (a) barántas a eisiúint chun an duine a ghabháil, nó
 - (b) más cuí leis an gcúirt sna himthosca go léir, a chur faoi deara fógra eile faoi *fho-alt (2)* a sheirbheáil ar an duine ina sonrúfáir dáta nua le haghaidh an duine do láithriú os comhair na cúirte.
- (5) Déanfar duine ar ar cuireadh fíneáil agus a gabhadh faoi *fho-alt (4)(a)* a thabhairt os comhair an chéad suí eile den chúirt.
- (6) Déanfaidh an chúirt, ag an suí den chúirt an dáta a bheidh sonraithe san fhógra lena mbaineann arna sheirbheáil ar an duine ar ar cuireadh fíneáil faoi *fho-alt (2)* (mura mbeidh an fhíneáil íoctha ag an duine an dáta sin nó roimhe)—
- (a) ordú seirbhíse pobail i leith an duine; nó
 - (b) an duine a chimiú chun príosúin de réir alt 2 nó 2A d'Acht 1986.

Ordú gnóthaithe a scor

12. (1) Aon tráth ar lena linn a bheidh an t-ordú gnóthaithe i bhfeidhm, féadfaidh an duine ar ar cuireadh fíneáil a roghnú iarmhéid na fíneála, a bheidh gan íoc, a íoc agus, ar dhéanamh amhlaidh dó nó di agus má dhéantar an íocaíocht ar shlí seachas leis an nglacadóir—
- (a) measfar an t-ordú a bheith cúlghairthe a mhéid a bhaineann sé leis an bhfíneáil, agus
 - (b) tabharfaidh an tSeirbhís Chúirteanna fógra i scríbhinn don ghlacadóir faoin gcúlghairm sin.
- (2) Scoirfidh an t-ordú gnóthaithe d'éifeacht a bheith leis—
- (a) ar na nithe seo a leanas a dhéanamh—
 - (i) méid iomlán na fíneála a íoc isteach sa chúirt, agus
 - (ii) táillí agus caiteachais an ghlacadóra a íoc leis nó léi,
 nó

- (b) faoi réir *fho-alt (3)*, ar an nglacadóir do thabhairt fógra don chúirt faoi *alt 11(1)*.
- (3) I gcás go mbeidh fógra tugtha ag an nglacadóir don chúirt faoi *alt 11(1)*, leanfaidh an t-ordú gnóthaithe d'éifeacht a bheith leis a mhéid a bhaineann sé leis na nithe seo a leanas—
- (a) aon chuid den fhíneáil arna gnóthú ag an nglacadóir ón duine ar ar cuireadh fíneáil nár íocadh isteach sa chúirt sular tugadh an fógra,
- (b) aon mhaoin de chuid an duine ar ar cuireadh fíneáil arna hurghabháil ag an nglacadóir ach nár díoladh sular tugadh an fógra, agus
- (c) aon fháltais arna bhfáil ó mhaoin a dhíol nár íocadh isteach sa chúirt sular tugadh an fógra.

Airgead arna ghnóthú ag glacadóir

13. (1) Faoi réir *fho-alt (2)*, déanfar airgead a íocfar isteach sa chúirt mar thoradh ar cheapadh glacadóra a íoc leis an Aire Airgeadais agus déanfar ansin an t-airgead sin a íoc leis an Stáitchiste, nó a chur chun tairbhe don Stáitchiste, ar cibé modh a ordóidh an tAire sin.
- (2) Ní choiscfeair le haon ní san Acht seo airgead dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a íoc le duine seachas an tAire Airgeadais—
- (a) faoin Ordú i dtaobh Fíneála agus Pionóisí (Cur de Láimh), 1943 (I.R. Uimh. 115 de 1943), ná
- (b) faoi aon achtachán eile.

CUID 4

ORDUITHE ASTAITHE

Ordú astaithe

14. (1) Faoi réir *fho-alt (4)*, i gcás go mainníonn duine ar ar cuireadh fíneáil agus atá fostaithe faoi chonradh fostaíochta nó ag fáil pinsean ceirde an fhíneáil a íoc faoin dáta dlite le haghaidh íocaíochta, féadfaidh an chúirt, ag an suí den chúirt an dáta a bheidh sonraithe san fhógra lena mbaineann faoi *alt 7(4)* arna sheirbheáil ar an duine, ordú a dhéanamh lena n-ordaítear d'fhostóir an duine—
- (a) na suimeanna a bheidh sonraithe san ordú a asbhaint as tuilleamh an duine ar ar cuireadh fíneáil, agus
- (b) na suimeanna arna n-asbhaint amhlaidh a íoc, mar ranníocaí faoi chomhair íoc na fíneála, ar an modh agus laistigh den tréimhse a bheidh sonraithe san ordú.
- (2) Faoi réir *fho-alt (4)* agus *alt 16(1)(b)*, beidh na méideanna a shonrófar san ordú astaithe de chineál a chinnteoidh go n-íocfar an fhíneáil laistigh de 12 mhí ón dáta a dhéantar an t-ordú mura ndéanann an chúirt, i gcás gur cú léi déanamh amhlaidh in imthosca an cháis, tréimhse is giorra ná sin a shonrú san ordú (agus sa chás sin beidh feidhm ag an tréimhse is giorra sin maidir leis an íocaíocht sin i leith an ordaithe sin).

- (3) Áireoidh an chúirt na sonraí seo a leanas san ordú astaithe:
- (a) ainm an duine ar ar cuireadh fíneáil;
 - (b) seoladh an duine ar ar cuireadh fíneáil;
 - (c) uimhir phearsanta seirbhíse poiblí an duine ar ar cuireadh fíneáil;
 - (d) ainm agus seoladh fhostóir an duine ar ar cuireadh fíneáil;
 - (e) cibé faisnéis eile a bheidh i seilbh na cúirte agus a chuideodh leis an bhfostóir an duine ar ar cuireadh fíneáil a shainaithint;
 - (f) na méideanna a bheidh le hasbhaint as tuilleamh an duine ar ar cuireadh fíneáil;
 - (g) an dáta faoina n-íocfar an chéad tráthchuid;
 - (h) a mhinice a bheidh na méideanna sin le híoc; agus
 - (i) an modh ar a ndéanfar na méideanna arna n-asbhaint a aistriú chun na cúirte.
- (4) I gcás go dtugann fostóir an duine ar ar cuireadh fíneáil fógra don chúirt faoi *alt 15(4)*, féadfaidh an chúirt, de réir mar is cuí—
- (a) ordú a dhéanamh (“ordú athrúcháin”) lena n-athraítear an t-ordú astaithe lena mbaineann chun a bhfuil luaite san fhógra a chur i gcuntas agus, in aon chás den sórt sin—
 - (i) cuirfidh an t-oifigeach cúirte cuí faoi deara go seirbheálfar an t-ordú athrúcháin ar an bhfostóir sin, agus
 - (ii) beidh feidhm ag *fo-alt (3) d’alt 15* maidir leis an ordú astaithe arna athrú amhlaidh ionann is dá mba thagairt do “ach ní bheidh sé nó sí faoi dhliteanas maidir le neamhchomhlíonadh sula mbeidh 10 lá oibre caite ón tráth a seirbheáladh an t-ordú athrúcháin” an tagairt san fho-alt sin do “ach ní bheidh sé nó sí faoi dhliteanas maidir le neamhchomhlíonadh sula mbeidh 10 lá oibre caite ón tráth a seirbheáladh an t-ordú”,

nó
 - (b) an t-ordú astaithe lena mbaineann a chúlghairm agus, in aon chás den sórt sin, tabharfaidh an t-oifigeach cúirte cuí fógra i scríbhinn don fhostóir faoin gcúlghairm sin.

Ordú astaithe a chomhlíonadh

15. (1) Cuirfidh an t-oifigeach cúirte cuí faoi deara go seirbheálfar an t-ordú astaithe ar an bhfostóir ar a bhfuil sé dírithe.
- (2) Féadfar seirbheáil an ordaithe astaithe a dhéanamh tríd an ordú astaithe nó cóip de a fhágáil ag áit chónaithe nó áit ghnó an fhostóra sa Stát nó tríd an ordú nó cóip de a chur, leis an bpost cláraithe réamhíoctha, chuig an áit chónaithe sin nó chuig an áit ghnó sin.

- (3) Déanfaidh an fostóir ar a bhfuil an t-ordú astaithe dírithe téarmaí an ordaithe a chomhlíonadh má sheirbheáiltear air nó uirthi é, ach ní bheidh sé nó sí faoi dhliteanas maidir le neamhchomhlíonadh sula mbeidh 10 lá oibre caite ón tráth a seirbheáladh an t-ordú.
- (4) Más rud é, aon tráth a bheidh an t-ordú astaithe i bhfeidhm, go dtagann sé ar iúl an fhostóra ar a mbeidh sé dírithe nach leor tuilleamh an duine ar ar cuireadh fíneáil, ar cibé cúis, chun asbhaint amháin nó níos mó a cheanglaítear a dhéanamh as an tuilleamh sin i gcomhlíonadh an ordaithe a íoc, tabharfaidh an fostóir fógra i scríbhinn ina thaobh sin (mar aon leis na himthosca ba bhun leis sin) don chúirt laistigh de 10 lá oibre ón dáta a thagann sé ar iúl an fhostóra nach leor tuilleamh an duine ar ar cuireadh fíneáil chuige sin.
- (5) Más rud é, maidir leis an bhfostóir ar a bhfuil an t-ordú astaithe dírithe, nach fostóir an duine ar ar cuireadh fíneáil é nó í an tráth a dhéantar an t-ordú a sheirbheáil, tabharfaidh an fostóir fógra ina thaobh sin don chúirt laistigh de 10 lá oibre ón tráth a sheirbheáiltear an t-ordú.
- (6) Más rud é, aon tráth a bheidh an t-ordú astaithe i bhfeidhm, go scoirfidh an fostóir ar a bhfuil sé dírithe de bheith ina fhostóir nó ina fostóir ag an duine ar ar cuireadh fíneáil, tabharfaidh an fostóir fógra i scríbhinn ina thaobh sin don chúirt laistigh de 10 lá oibre ón dáta a scoirfidh an duine ar ar cuireadh fíneáil de bheith i bhfostaíocht aige nó aici, agus íocfaidh sé nó sí leis an gcúirt aon suim arna hasbhaint as tuilleamh an duine ar ar cuireadh fíneáil i gcomhlíonadh an ordaithe sin.
- (7) Tabharfaidh an fostóir ar a bhfuil an t-ordú astaithe dírithe don duine ar ar cuireadh fíneáil ráiteas i scríbhinn faoi mhéid iomlán gach asbhainte arna déanamh as tuilleamh an duine i gcomhlíonadh an ordaithe.
- (8) Maidir leis an bhfostóir ar a bhfuil an t-ordú astaithe dírithe a mhainneoidh, gan leithscéal réasúnach, téarmaí an ordaithe a chomhlíonadh, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh tréimhse nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

Fógra faoi athrú ar fhostaíocht agus ar stádas fostaíochta

- 16.** (1) (a) I gcás go bhfuil an t-ordú astaithe i bhfeidhm agus go scoireann an duine ar ar cuireadh fíneáil de bheith i bhfostaíocht an fhostóra ar bhfuil an t-ordú dírithe, déanfaidh an duine ar ar cuireadh fíneáil—
- (i) fógra i scríbhinn a thabhairt don chúirt faoin athrú ar a stádas fostaíochta laistigh de 10 lá oibre ón tráth a athraíonn an stádas, agus
 - (ii) faoi réir *fho-alt* (2), an méid seo a leanas a chur in iúl don chúirt i scríbhinn, de réir mar is cuí—
 - (I) ainm agus seoladh a fhostóra nó a fostóra nua, nó
 - (II) nach bhfuil sé nó sí i bhfostaíocht a thuilleadh.

(b) I gcás go gcuirtear an méid dá dtagraítear i *mír (a)(ii)(I)* in iúl don chúirt, eiseoidh sí ordú astaithe nua don fhostóir nua lena gceanglaítear air nó uirthi iarmhéid neamhíoctha na fíneála a asbhaint as tuilleamh an duine ar ar cuireadh fíneáil de réir théarmaí an ordaithe agus féadfaidh sí, san ordú nua, an tráth céanna agus chun aon chur isteach a dhéantar ar thuilleamh an duine ar ar cuireadh fíneáil de dheasca an athraithe ar a fhostaíocht nó ar a fostaíocht a chur i gcuntas, an uastréimhse 12 mhí dá dtagraítear in *alt 14(2)* a bheadh infheidhme thairis sin i leith aon ordú den sórt sin a fhadú de cibé tréimhse is cuí léi chun an cur isteach sin a chur i gcuntas.

(2) Más rud é—

(a) go gcuireann an duine ar ar cuireadh fíneáil in iúl don chúirt nach bhfuil sé nó sí i bhfostaíocht a thuilleadh de réir *fho-alt (1)(a)(ii)(II)*,

(b) go gcuireann fhostóir an duine ar ar cuireadh fíneáil, arb é nó í an fhostóir ar a bhfuil an t-ordú astaithe dírithe, in iúl don chúirt gur scoir an duine ar ar cuireadh fíneáil de bheith i bhfostaíocht an fhostóra, nó

(c) go gcúlghairtear an t-ordú astaithe a bhaineann leis an duine ar ar cuireadh fíneáil faoi *mhír (b) d'alt 14(4)*,

beidh feidhm ag *fo-alt (3)* (mura rud é gur roghnaigh an duine ar ar cuireadh fíneáil, iarmhéid na fíneála a bhí gan íoc a íoc leis an gcúirt faoi *alt 17(1)* nó go dtugann an chúirt a mhalairt de bhreith ar mhaithe leis an gceartas).

(3) Déanfaidh an t-oifigeach cúirte cuí lena mbaineann, trí fhógra i scríbhinn arna sheirbheáil ar an duine ar ar cuireadh fíneáil, a cheangal ar an duine láithriú os comhair na cúirte an dáta agus an tráth a bheidh sonraithe san fhógra.

(4) Maidir le fógra faoi *fho-alt (3)*—

(a) luafar ann go bhféadfaidh an chúirt ordú seirbhíse pobail a dhéanamh i leith an duine ar ar cuireadh fíneáil agus luafar ann freisin na coinníollacha maidir le hordú den sórt sin a dhéanamh faoi alt 4 d'Acht 1983,

(b) luafar ann go bhféadfaidh an chúirt an duine ar ar cuireadh fíneáil a chimiú chun príosúin de réir alt 2 nó 2A d'Acht 1986, agus

(c) luafar ann go bhféadfar an duine ar ar cuireadh fíneáil a ghabháil má mhainníonn sé nó sí láithriú os comhair na cúirte mar a cheanglaítear leis an bhfógra.

(5) I gcás go mainneoidh duine ar ar cuireadh fíneáil, gan leithscéal réasúnach, láithriú os comhair na cúirte mar a cheanglaítear le fógra faoi *fho-alt (3)*, déanfaidh an chúirt, más deimhin léi gur seirbheáladh an fógra ar an duine—

(a) barántas a eisiúint chun an duine a ghabháil, nó

(b) más cuí leis an gcúirt sna himthosca go léir, a chur faoi deara fógra eile faoi *fho-alt (3)* a sheirbheáil ar an duine ina sonrúfar dáta nua le haghaidh an duine do láithriú os comhair na cúirte.

- (6) Déanfar duine ar ar cuireadh fíneáil agus a gabhadh faoi *fho-alt (5)(a)* a thabhairt os comhair an chéad suí eile den chúirt.
- (7) Déanfaidh an chúirt, ag an suí den chúirt an dáta a bheidh sonraithe san fhógra lena mbaineann faoi *fho-alt (3)* arna sheirbheáil ar an duine ar ar cuireadh fíneáil (mura mbeidh an fhíneáil íoctha ag an duine an dáta sin nó roimhe)—
- (a) ordú seirbhíse pobail i leith an duine, nó
- (b) an duine a chimiú chun príosúin de réir alt 2 nó 2A d’Acht 1986.

Ordú astaithe a scor

17. (1) Aon tráth ar lena linn a bheidh an t-ordú astaithe i bhfeidhm, féadfaidh an duine ar ar cuireadh fíneáil a roghnú iarmhéid na fíneála a bheidh gan íoc a íoc agus, ar dhéanamh amhlaidh dó nó di—
- (a) measfar an t-ordú a bheith cúlghairthe, agus
- (b) tabharfaidh an tSeirbhís Chúirteanna fógra i scríbhinn don fhostóir ar a bhfuil an t-ordú dírithe faoin gcúlghairm sin.
- (2) Scoirfidh an t-ordú astaithe d’éifeacht a bheith leis—
- (a) nuair a bheidh téarmaí an ordaithe comhlíonta ag an bhfostóir agus na suimeanna go léir íoctha leis an gcúirt de réir an ordaithe,
- (b) nuair a thabharfar fógra faoi *fho-alt (1)* don fhostóir,
- (c) faoi réir *alt 15(5)*, murar fostóir an duine ar ar cuireadh fíneáil an fostóir an tráth a dhéanfar an t-ordú a sheirbheáil, nó
- (d) faoi réir *alt 15(6)* agus (7), nuair a scoireann an fostóir ar a bhfuil an t-ordú dírithe de bheith ina fhostóir nó ina fostóir ag an duine ar ar cuireadh fíneáil.

Airgead arna ghnóthú le hordú astaithe

18. (1) Faoi réir *fho-alt (2)*, déanfar airgead a íocfar isteach sa chúirt mar thoradh ar ordú astaithe a dhéanamh a íoc leis an Aire Airgeadais agus déanfar ansin an t-airgead sin a íoc leis an Stáitchiste, nó a chur chun tairbhe don Stáitchiste, ar cibé modh a ordóidh an tAire sin.
- (2) Ní choiscfear le haon ní san Acht seo airgead dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a íoc le duine seachas an tAire Airgeadais—
- (a) faoin Ordú i dtaobh Fíneála agus Pionóisí (Cur de Láimh), 1943 (I.R. Uimh. 115 de 1943), ná
- (b) faoi aon achtachán eile.

CUID 5

ORDUITHE SEIRBHÍSE POBAIL AGUS PRÍOSÚNACHT I gCÁS GO MAINNÍTEAR FÍNEÁIL A ÍOC

Ordú seirbhíse pobail i gcás go mainnítear fíneáil a íoc

19. (1) Leasaítear Acht 1983—

(a) in alt 1, trí na mínithe seo a leanas a chur isteach i bhfo-alt (1):

“ciallaíonn ‘Acht 2014’ an tAcht Fíneálacha (Íoc agus Gnóthú), 2014;

tá le ‘ordú astaithe’ an bhrí chéanna atá leis in *Acht 2014*;

tá le ‘fíneáil’ an bhrí chéanna atá leis in alt 2 (a leasáíodh le *fomhír (iv) d’alt 20(b) d’Acht 2014*) d’Acht na gCúirteanna (Uimh. 2), 1986;

tá le ‘glacadóir’ an bhrí chéanna atá leis in *Acht 2014*;

tá le ‘ordú gnóthaithe’ an bhrí chéanna atá leis in *Acht 2014*;”,

(b) in alt 2, trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach:

“(2) Tá feidhm ag an Acht seo freisin maidir le duine (dá ngairtear ‘ciontóir’ freisin san Acht seo)—

(a) a bhfuil 16 bliana d’aois slánaithe aige nó aici, agus

(b) atá arna chiontú nó arna ciontú i gcion ar fhorchuir an chúirt fíneáil ina leith is fíneáil ar mhainnigh an ciontóir í a íoc faoin dáta dlite le haghaidh íocaíochta.

(3) San alt seo, tá le ‘dáta dlite le haghaidh íocaíochta’, i ndáil le fíneáil, an bhrí chéanna atá leis in *Acht 2014*.”,

(c) in alt 3—

(i) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

“(1A) I gcás gur deimhin le cúirt—

(a) ag suí den chúirt an dáta a bheidh sonraithe san fhógra lena mbaineann faoi *alt 7(4) d’Acht 2014*—

(i) gur mhainnigh ciontóir lena mbaineann fo-alt (2) d’alt 2 an fhíneáil a d’fhorchuir sí i ndáil leis an gciontóir a íoc faoin dáta dlite le haghaidh íocaíochta, agus

(ii) nach mbeadh sé cuí ordú gnóthaithe nó ordú astaithe a dhéanamh i leith an chiontóira sin,

(b) ag an suí den chúirt an dáta a bheidh sonraithe san fhógra lena mbaineann faoi *alt 11(2) d’Acht 2014*, nárbh fhéidir le glacadóir na nithe seo a leanas a ghnóthú—

(i) an fhíneáil a d'fhorchuir sí i ndáil le ciontóir lena mbaineann fo-alt (2) d'alt 2, nó

(ii) suim nó suimeanna as na fáлтаis ó dhíol maoinne de chuid an chiontóra sin ar leor í nó iad chun an fhíneáil sin a íoc,

nó

(c) ag an suí den chúirt an dáta a bheidh sonraithe san fhógra lena mbaineann faoi *alt 16(3) d'Acht 2014*, nach raibh de thoradh ar ordú astaithe arna dhéanamh i leith tuilleamh ciontóra lena mbaineann fo-alt (2) d'alt 2 go ndearnadh an fhíneáil a d'fhorchuir sí i ndáil leis an gciontóir a bhailiú,

agus gur deimhin léi freisin, i ndáil leis an gciontóir sin, gur comhlíonadh forálacha alt 4, féadfaidh sí ordú (dá ngairtear 'ordú seirbhíse pobail' freisin san Acht seo) a dhéanamh de réir an ailt seo.”,

agus

(ii) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) Le hordú seirbhíse pobail, cuirfeadh de cheangal ar an gciontóir obair shaor in aisce a dhéanamh, de réir an Achta seo, ar feadh cibé líon uaireanta an chloig a bheidh sonraithe san ordú, arb éard é—

(a) i gcás ciontóir lena mbaineann fo-alt (1) d'alt 2, líon nach lú ná 40 uair an chloig agus nach mó ná 240 uair an chloig,

(b) i gcás ciontóir lena mbaineann fo-alt (2) d'alt 2 agus a ciontaíodh ar díotáil sa chion lena mbaineann, líon nach lú ná 40 uair an chloig agus nach mó ná 240 uair an chloig, agus

(c) i gcás ciontóir lena mbaineann fo-alt (2) d'alt 2 agus a ciontaíodh go hachomair sa chion lena mbaineann, líon nach lú ná 30 uair an chloig agus nach mó ná 100 uair an chloig.”,

(d) in alt 5, trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach:

“(2A) Maidir leis na huairanta oibre a shonrófar in ordú seirbhíse pobail faoi fho-alt (1A) (a cuireadh isteach le *halt 19(1)(c)(i) d'Acht 2014*) d'alt 3, is uaireanta breise iad i dteannta aon uaireanta oibre a bheidh sonraithe in aon ordú seirbhíse pobail eile a dhéanfar i leith an chiontóra.

(2B) Déanfaidh an chúirt, d'fhonn líon na n-uaireanta oibre a bheidh le sonrú in ordú seirbhíse pobail faoi fho-alt (1A) d'alt 3 a chinneadh, an méid seo a leanas a chur i gcuntas—

(a) aon suim nó suimeanna arna híoc nó arna n-íoc ag an gciontóir lena mbaineann chun cuid den fhíneáil a ghlanadh,

(b) aon chuid den fhíneáil, nó aon suim nó suimeanna as na fáлтаis ó dhíol maoinne de chuid an chiontóra ar leor í nó iad chun cuid den

fhíneáil sin, agus cuid di amháin, a íoc, arna gnóthú nó arna ngnóthú ag glacadóir, agus

- (c) aon chuid den fhíneáil arna gnóthú de thoradh ar ordú astaithe arna dhéanamh i leith thuilleamh an chiontóra.”,

agus

- (e) in alt 7, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

“(6) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (4) maidir le ciontóir lena mbaineann fo-alt (2) d’alt 2.”.

- (2) Maidir le halt 2 d’Acht 1983 faoi mar a bhí sé díreach roimh thosach feidhme an ailt seo, beidh sé, díreach tar éis an tosach feidhme sin, ina fho-alt (1) den alt sin 2.

Príosúnacht i gcás go mainnítear fíneáil a íoc

20. Leasaítear Acht 1986—

- (a) tríd an alt seo a leanas a chur isteach:

“Mínithe chun críocha ailt 2 agus 2A

1A. In ailt 2 agus 2A—

ciallaíonn ‘Acht 2014’ an tAcht Fíneálacha (Íoc agus Gnóthú), 2014;

tá le ‘ordú astaithe’ an bhrí chéanna atá leis in *Acht 2014*;

tá le ‘dáta dlite le haghaidh íocaíochta’ an bhrí chéanna atá leis in *Acht 2014*;

tá le ‘glacadóir’ an bhrí chéanna atá leis in *Acht 2014*;

tá le ‘ordú gnóthaithe’ an bhrí chéanna atá leis in *Acht 2014*.”,

- (b) in alt 2—

- (i) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) I gcás gur deimhin le cúirt—

- (a) ag an suí den chúirt an dáta a bheidh sonraithe san fhógra lena mbaineann faoi *alt 7(4) d’Acht 2014*—

- (i) maidir le duine ar ar forchuireadh fíneáil de dhroim é nó í a chiontú go hachomair i gcion, nach ndearna sé nó sí an fhíneáil a íoc faoin dáta dlite le haghaidh íocaíochta, agus

- (ii) nach mbeadh sé cuí ordú gnóthaithe nó ordú astaithe a dhéanamh i leith an duine sin,

- (b) ag an suí den chúirt an dáta a bheidh sonraithe san fhógra lena mbaineann faoi *alt 11(2) d’Acht 2014*, nárbh fhéidir le glacadóir na nithe seo a leanas a ghnóthú—

(i) fíneáil a forchuireadh ar dhuine de dhroim é nó í a chiontú go hachomair i gcion, nó

(ii) suim nó suimeanna as na fáltais ó dhíol maoinne de chuid an duine sin ar leor í nó iad chun an fhíneáil sin a íoc,

nó

(c) ag an suí den chúirt an dáta a bheidh sonraithe san fhógra lena mbaineann faoi *alt 16(3) d'Acht 2014*, nach raibh de thoradh ar ordú astaithe arna dhéanamh i leith tuilleamh duine go ndearnadh an fhíneáil a forchuireadh ar dhuine de dhroim é nó í a chiontú go hachomair i gcion a bhailiú,

agus gur deimhin léi freisin, i ndáil leis an duine sin, nár comhlíonadh forálacha alt 4 den Acht um Cheartas Coiriúil (Seirbhís Pobail), 1983, féadfaidh sí ordú a dhéanamh lena gcimeofar an duine chun príosúin ar feadh téarma nach faide ná an tréimhse chúí príosúnachta atá sonraithe sa Tábla.”,

(ii) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach:

“(1A) I gcás go bhfuil ordú seirbhíse pobail de réir bhrí fho-alt (1A) (a cuireadh isteach le *halt 19(1)(c)(i) d'Acht 2014*) d'alt 3 den Acht um Cheartas Coiriúil (Seirbhís Pobail), 1983 déanta ag cúirt de dhroim duine a chiontú go hachomair i gcion, agus gur deimhin léi go bhfuil an duine ar ina leith a rinne sí an t-ordú ag mainneachtain ceanglas a shonraítear i bhfo-alt (1)(b) d'alt 7 den Acht sin a chomhlíonadh, déanfaidh sí ordú lena gcimeofar an duine chun príosúin ar feadh téarma nach faide ná an tréimhse chúí atá sonraithe sa Tábla.

(1B) D'fhonn an tréimhse chúí príosúnachta atá sonraithe sa Tábla a chinneadh, is é méid na fíneála an fhíneáil lúide na suimeanna seo a leanas—

(a) aon suim nó suimeanna arna híoc nó arna n-íoc ag an duine lena mbaineann chun cuid den fhíneáil a ghlanadh,

(b) aon suim nó suimeanna arna gnóthú nó arna ngnóthú (cibé acu as na fáltais ó dhíol maoinne de chuid an duine nó ar shlí eile) ag glacadóir ar leor í nó iad chun cuid den fhíneáil sin, agus cuid di amháin, a íoc, agus

(c) aon chuid den fhíneáil arna gnóthú de thoradh ar ordú astaithe arna dhéanamh i leith thuilleamh an duine.”,

(iii) trí fho-alt (2) a scriosadh,

(iv) i bhfo-alt (4), sa mhíniú ar “fíneáil”, trí na focail “, ach ní fholaíonn sé an táille riaracháin de réir bhrí *alt 2 d'Acht 2014* ná táillí glacadóra ná caiteachais arna dtabhú ag glacadóir” a chur isteach i ndiaidh na bhfocal “a ordaítear a íoc”, agus

(v) tríd an Tábla seo a leanas a chur isteach:

“AN TÁBLA

| (1) | (2) | (3) |
|---------------------|---------------------------------------|--------------------------|
| An Uimhir Thagartha | Méid na Fíneála | An Tréimhse Príosúnachta |
| 1 | Nach mó ná €500 | 5 lá |
| 2 | Is mó ná €500 ach nach mó ná €1,500 | 10 lá |
| 3 | Is mó ná €1,500 ach nach mó ná €3,000 | 20 lá |
| 4 | Is mó ná €3,000 | 30 lá |

.”,

agus

(c) tríd an alt seo a leanas a chur isteach:

“Príosúnacht ar chiontú ar díotáil i gcás go mainnítear fíneáil a íoc

2A. (1) I gcás gur deimhin le cúirt—

(a) ag an suí den chúirt an dáta a bheidh sonraithe san fhógra lena mbaineann faoi *alt 7(4) d’Acht 2014*—

- (i) maidir le duine ar ar forchuireadh fíneáil de dhroim é nó í a chiontú ar díotáil i gcion, nach ndearna sé nó sí an fhíneáil a íoc faoin dáta dlite le haghaidh íocaíochta, agus
- (ii) nach mbeadh sé cuí ordú gnóthaithe nó ordú astaithe a dhéanamh i leith an duine sin,

(b) ag an suí den chúirt an dáta a bheidh sonraithe san fhógra lena mbaineann faoi *alt 11(2) d’Acht 2014*, nárbh fhéidir le glacadóir na nithe seo a leanas a ghnóthú—

- (i) fíneáil a forchuireadh ar dhuine de dhroim é nó í a chiontú ar díotáil i gcion, nó
- (ii) suim nó suimeanna as na fáлтаis ó dhíol maoin de chuid an duine sin ar leor í nó iad chun an fhíneáil sin a íoc,

nó

(c) ag an suí den chúirt an dáta a bheidh sonraithe san fhógra lena mbaineann faoi *alt 16(3) d’Acht 2014*, nach raibh de thoradh ar ordú astaithe arna dhéanamh i leith tuilleamh duine go ndearnadh an fhíneáil a forchuireadh ar dhuine de dhroim é nó í a chiontú ar díotáil i gcion a bhailiú,

agus gur deimhin leis an gcúirt freisin, i ndáil leis an duine sin, nár comhlíonadh forálacha alt 4 den Acht um Cheartas Coiriúil (Seirbhís Pobail), 1983, féadfaidh sí ordú a dhéanamh lena gcimeofar an duine chun príosúin ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí.

- (2) I gcás go bhfuil ordú seirbhíse pobail déanta ag cúirt faoi fho-alt (1A) d'alt 3 den Acht um Cheartas Coiriúil (Seirbhís Pobail), 1983 de dhroim duine a chiontú ar díotáil i gcion, agus gur deimhin léi go bhfuil an duine ar ina leith a rinne sí an t-ordú ag mainneachtain an ceanglas a shonraítear i bhfo-alt (1)(b) d'alt 7 den Acht sin a chomhlíonadh, déanfaidh sí ordú lena gcimeofar an duine chun príosúin ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí.
- (3) Déanfaidh cúirt, d'fhonn an téarma ar lena linn a chimeofar duine chun príosúin faoin alt seo a chinneadh, na nithe seo a leanas a chur i gcuntas—
- (a) aon suim nó suimeanna arna híoc nó arna n-íoc ag an duine chun cuid den fhíneáil a ghlanadh, agus
- (b) aon suim nó suimeanna arna gnóthú nó arna ngnóthú (cibé acu as na fáltais ó dhíol maoinne de chuid an duine nó ar shlí eile) ag glacadóir ar leor í nó iad ach chun cuid den fhíneáil sin, agus cuid di amháin, a íoc, agus
- (c) aon chuid den fhíneáil arna gnóthú de thoradh ar ordú astaithe arna dhéanamh i leith thuilleamh an duine.
- (4) San alt seo, tá le 'fíneáil' an bhrí chéanna atá leis in alt 2 (a leasaíodh le *fomhír (iv) d'alt 20(b) d'Acht 2014*).".

CUID 6

ILGHNÉITHEACH

Fógraí a sheirbheáil

- 21.** (1) Aon fhógra faoin Acht seo a cheanglaítear a sheirbheáil ar dhuine, déanfar é a dhíriú chuig an duine faoina ainm nó faoina hainm, agus féadfar é a sheirbheáil amhlaidh ar cheann amháin de na slite seo a leanas:
- (a) trína sheachadadh ar an duine;
- (b) trína fhágáil ag an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine nó, i gcás go bhfuil seoladh le haghaidh seirbheála tugtha, ag an seoladh sin; nó
- (c) trína chur leis an bpost chuig an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine nó, i gcás go bhfuil seoladh le haghaidh seirbheála tugtha, chuig an seoladh sin.
- (2) Chun críche an ailt seo, measfar gnáthchónaí a bheith ar chuideachta de réir bhrí Achtanna na gCuideachtaí ag a hoifig chláráithe, agus measfar gnáthchónaí a bheith ar gach comhlacht corpraithe eile agus ar gach comhlacht neamhchorpraithe daoine ag a phríomhoifig nó ag a phríomháit ghnó.

Leasú ar Acht na gCúirteanna (Uimh. 2), 1991

- 22.** Leasaítear Acht na gCúirteanna (Uimh. 2), 1991 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 1:

“Srian le hoibriú alt 1 agus alt 23 den *Petty Sessions (Ireland) Act, 1851*

1A. Ó thosach feidhme alt 7 den *Acht Fíneálacha (Íoc agus Gnóthú), 2014*, beidh oibriú alt 1 den Acht seo, agus alt 23 den *Petty Sessions (Ireland) Act, 1851*, a mhéid a bhaineann siad le haon suim phionósach dá dtagraítear iontu, faoi réir oibriú fhorálacha an *Achta Fíneálacha (Íoc agus Gnóthú), 2014* a mhéid a bhaineann na forálacha sin leis an tsuim phionósach sin, agus déanfar an t-alt sin 1 agus an t-alt sin 23, fairis na modhnuithe go léir is gá, a fhorléiriú amhlaidh.”.

Sonraí a roinnt agus a mhalartú

23. (1) D’ainneoin aon achtacháin nó riail dlí, déanfaidh duine iomchuí, ar iarraidh a fháil ó chúirt, cibé faisnéis a sholáthar don chúirt a bheidh i seilbh nó faoi rialú an duine iomchuí agus a theastóidh le réasún ón gcúirt chun a chumasú don chúirt a feidhmeanna faoin Acht seo i ndáil le horduithe gnóthaithe nó le horduithe astaithe a chomhlíonadh.

(2) San alt seo, ciallaíonn “duine iomchuí”—

(a) na Coimisinéirí Ioncaim,

(b) an tAire Coimirce Sóisialaí, nó

(c) cibé duine a bheidh forordaithe.

Airgead a chur chun feidhme i gcás nach n-íoctar ach cuid den fhíneáil

24. Más rud é, maidir le hairgead a úsáidtear chun fíneáil a íoc, nach leor é chun an fhíneáil a íoc go hiomlán, déanfar an t-airgead a chur chun feidhme san ord seo a leanas:

(a) ar an gcéad ásc, chun an chuid sin den fhíneáil a íoc arb éard í na costais dá dtagraítear sa mhíniú ar “fíneáil” in alt 2(1);

(b) ar an dara hásc (má tá aon airgead fágtha), chun an chuid sin den fhíneáil a íoc arb éard í an cúiteamh dá dtagraítear sa mhíniú sin;

(c) ar an tríú hásc (má tá aon airgead fágtha), chun an chuid sin den fhíneáil a íoc arb éard í na caiteachais dá dtagraítear sa mhíniú sin; agus

(d) ar an gceathrú hásc (má tá aon airgead fágtha), chun iarmhéid na fíneála a íoc.